Buachaill Bantú

Seanscéal ón Afraic

Leathanach bán

Buachaill Bantú

Seanscéal ón Afraic

Bhí buachaill Bantú ann, aon uair amháin, agus é ina chónaí i mbaile beag san Afraic lena athair agus a mháthair, a dheartháireacha agus a dheirfiúracha. Ba é mian a chroí ag an bhuachaill Bhantú dul amach a sheilg i gcuideachta a athar.

"Ní thig leat dul a sheilg," arsa a athair leis, "gan sleá de do chuid féin agat. Caithfidh tú fanacht sa bhaile ag tiomáint na gcaorach, ag baint mine agus ag bleán na seanbhó báine."

Lá amháin, chuaigh an buachaill Bantú amach go dtí ceapach na mine a bhaint mine. Agus i gceapach na mine, fuair sé meacan.

"Beidh an meacan seo blasta," ar seisean. "Tabharfaidh mé chun an bhaile chuig mo mháthair é agus bruithfidh sí dom é."

Thug sé an meacan chun an bhaile leis agus bhruith a mháthair dó é. Ach dearthár beag an bhuachalla Bhantú, fuair seisean an meacan agus d'ith sé é. Tháinig an buachaill Bantú a iarraidh an mheacain.

"Tabhair dom an meacan," ar seisean lena mháthair,

"Meacan a fuair mé
Nuair a chuaigh mé a bhaint mine,
I gceapach na mine."
"Ní thig liom an meacan a thabhairt duit," arsa máthair an bhuachalla Bhantú, "nó d'ith do dheartháir beag é. Ach cionn is gur ith seisean é, tabharfaidh mé duit calán úr blite." Agus thug an buachaill Bantú an calán úr blite leis agus chuaigh sé amach a chuardach na seanbhó báine.
Ar a bhealach dó chonaic sé beirt bhuachaillí ag bleán a gcuid gabhar agus an bainne ag gabháil isteach i bpotaí scoilte.
"Cad chuige a bhfuil sibh ag bleán isteach i bpotaí scoilte?" ar seisean leo. "Seo daoibh calán úr blite, ach cuimhnígí go mbeidh mé á iarraidh nuair a thiocfaidh mé ar ais." Bhligh na buachaillí bainne a gcuid gabhar isteach sa chalán úr blite. Ach lig duine acu don chalán úr titim, agus bhris sé. Agus leis sin, tháinig an buachaill Bantú ar ais a iarraidh a chaláin blite.
"Tugaigí dom an calán blite," ar seisean leis na buachaillí, "Calán blite a thug mo mháthair dom,
Nuair a d'ith mo dheartháir an meacan,
Meacan a fuair mé,

Nuair a chuaigh mé a bhaint mine,
I gceapach na mine."
"Ní thig linn an calán a thabhairt duit," arsa na buachaillí, "nó bhris muid é. Ach cionn is gur bhris, tabharfaidh muid duit ár scian."
Agus thug an buachaill Bantú an scian leis agus d'imigh sé a chuardach na seanbhó báine.
Ar an bhealach dó casadh air beirt chailíní a bhí ag gearradh feola le sliseanna de chána siúcra.
"Cad chuige a bhfuil sibh ag gearradh feola le sliseanna de chána siúcra?" ar seisean leis na cailíní. "Bíodh mo scian agaibh, ach cuimhnígí go mbeidh mé á hiarraidh nuair a thiocfaidh mé ar ais."
Agus ghearr na cailíní an fheoil leis an scian. Ach thriail duine acu cnámh a ghearradh agus bhris an scian. Agus leis sin, tháinig an buachaill Bantú a iarraidh na scine.
"Tugaigí dom an scian," ar seisean leis na cailíní,
"Scian a thug na buachaillí dom,
Na buachaillí a bhris an calán blite,
Calán blite a thug mo mháthair dom,
Nuair a d'ith mo dhearthair an meacan,
Meacan a fuair mé,
Nuair a chuaigh mé a bhaint mine,

I gceapach na mine."
"Ní thig linn an scian a thabhairt duit," arsa na cailíní, "óir bhris muid í. Ach cionn is gur bhris, tabharfaidh muid duit an tua seo." Agus thug an buachaill Bantú an tua leis agus d'imigh sé a chuardach na seanbhó báine. Ar a bhealach dó casadh air beirt sheanbhan ag iompar sail throm adhmaid don tine.
"Cad chuige nach ngearrfadh sibh an t-adhmad?" arsa an buachaill Bantú leis na seanmhná. "Seo daoibh tua, ach cuimhnígí go mbeidh mé á hiarraidh nuair a thiocfaidh mé ar ais."
Ghlac na seanmhná an tua agus ghearr siad an t-adhmad. Ach ghearr duine acu chomh dian sin gur bhris an tua. Agus leis sin, tháinig an buachaill Bantú ar ais a iarraidh na tua.
"Tugaigí dom an tua," ar seisean leis na seanmhná,
"Tua a thug na cailíní dom,
Na cailíní a bhris an scian,
Scian a thug na buachaillí dom,
Na buachaillí a bhris an calán blite,
Calán blite a thug mo mháthair dom,
Nuair a d'ith mo dheartháir an meacan,
Meacan a fuair mé,

Nuair a chuaigh mé a bhaint mine,
I gceapach na mine."
"Ní thig linn an tua a thabhairt duit," arsa na seanmhná, "nó bhris muid í. Ach cionn is gur bhris, tabharfaidh muid duit blaincéad." Agus thug an buachaill Bantú an blaincéad leis agus d'imigh sé a chuardach na seanbhó báine.
Ar a bhealach dó chonaic sé beirt fhear ina gcodladh ar an talamh.
"Cad chuige a bhfuil sibh in bhur luí ar an talamh fuar?" arsa an buachaill Bantú. "Seo daoibh blaincéad, ach cuimhnígí go mbeidh mé á iarraidh nuair a thiocfaidh mé ar ais."
Ghlac na fir an blaincéad. Ach ní raibh an blaincéad mór go leor don bheirt acu agus thosaigh siad á tharraingt eatarthu. Níorbh fhada go raibh an blaincéad stróicthe ina bhratóga. Agus leis sin, tháinig an buachaill Bantú a iarraidh an bhlaincéid.
"Tugaigí dom an blaincéad," ar seisean leis na fir,
"Blaincéad a thug na seanmhná dom,
Na seanmhná a bhris an tua,
Tua a thug na cailíní dom,
Na cailíní a bhris an scian,

Scian a thug na buachaillí dom,
Na buachaillí a bhris an calán blite,
Calán blite a thug mo mháthair dom,
Nuair a d'ith mo dheartháir an meacan,
Meacan a fuair mé,
Nuair a chuaigh mé a bhaint mine,
I gceapach na mine."

"Ní thig linn an blaincéad a thabhairt duit," arsa na fir, "nó stróic muid é. Ach cionn is gur stróic, tabharfaidh muid sciath duit." Agus thug an buachaill Bantú an sciath leis agus d'imigh sé a chuardach na seanbhó báine."

Ar a bhealach dó, casadh air beirt shealgairí a bhí ag seilg liopaird.

"Cad chuige nach bhfuil sciath libh?" arsa an buachaill Bantú leo. "Glacaigí an ceann seo, ach cuimhnígí go mbeidh mé á hiarraidh nuair a thiocfaidh mé ar ais."

Thóg duine de na sealgairí an sciath agus d'imigh sé ar thóir an liopaird. Ach thit sé ar chloch agus bhris an sciath. Leis sin, tháinig an buachaill Bantú a iarraidh na scéithe.

"Tugaigí dom an sciath," ar seisean leis na sealgairí,
"Sciath a thug na fir dom,
Na fir a stróic an blaincéad,

Blaincéad a thug na seanmhná dom,
Na seanmhná a bhris an tua,
Tua a thug na cailíní dom,
Na cailíní a bhris an scian,
Scian a thug na buachaillí dom,
Na buachaillí a bhris an calán blite,
Calán blite a thug mo mháthair dom,
Nuair a d'ith mo dheartháir an meacan,
Meacan a fuair mé,
Nuair a chuaigh mé a bhaint mine,
I gceapach na mine."

"Ní thig linn an sciath a thabhairt duit," arsa na sealgairí leis, "nó bhris muid í. Ach cionn is gur bhris, tabharfaidh muid sleá duit." Thóg an buachaill Bantú an tsleá agus rith sé chun an bhaile an méid a bhí ina chosa.

Tháinig máthair agus deartháireacha agus deirfiúracha an bhuachalla Bhantú amach ag amharc ar an tsleá.

"Amharc mo shleá," ar seisean lena mháthair,
"Sleá a thug na sealgairí dom,
Na sealgairí a bhris an sciath,
Sciath a thug na fir dom,
Na fir a stróic an blaincéad,
Blaincéad a thug na seanmhná dom,

Na seanmhná a bhris an tua,
Tua a thug na cailíní dom,
Na cailíní a bhris an scian,
Scian a thug na buachaillí dom,
Na buachaillí a bhris an calán blite,
Calán blite a thug mo mháthair dom,
Nuair a d'ith mo dheartháir an meacan,
Meacan a fuair mé,
Nuair a chuaigh mé a bhaint mine,
I gceapach na mine."

Leis sin, tháinig athair an bhuachalla Bhantú, agus chonaic sé an tsleá.

"Anois," ar seisean, "tá sleá de do chuid féin agat. An chéad uair eile a rachaidh mé amach a sheilg, tusa a bheidh liom!"

Thóg máthair an bhuachalla Bhantú calán blite agus thug dá dheartháir óg é.

"Tabhair leat an calán blite seo," ar sise, "agus bligh an tseanbhó bhán."

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning